

Nuacht Fhine Gall

Eagrán
Uimh 22

Feabhra
2022

BÍ DEARFACH AG CUR TÚS LEIS AN MBLIAIN

LAISTIGH

An Taoiseach curtha ar an eolas maidir le Tionscadail Ár mBaile Brigín le linn cuairte - Leathanach 3

Mhórtais an Gheimhridh Fhine Gall - Leathanach 11

Taisteal Gníomhach i bhFine Gall - Leathanach 14

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



Teachtaireacht an Mhéara



Agus sinn ag cur tús le bliain nua, ba mhaith liom sláinte agus síocháin a ghúil ar gach duine sa bhliain amach romhainn. Ó toghadh mé mar Mhéara i mí an Mheithimh 2021 ba é an buaicphointe domsa an deis bualadh leis an oiread sin daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí ar fud an Chontae, a chuireann go dearfach lenár bpobal. Is laochra neamhaitheanta iad na daoine seo i bhFine Gall agus ba mhaith liom

buíochas a ghabháil leo as an méid a rinne siad le linn na tréimhse éiginnte seo.

Sa bhliain amach romhainn, leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag tacú le gach duine inár bpobail agus srianta á gcur i gcrích de réir a chéile agus ag obair freisin ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029, a chinnteoidh cáilíocht na beatha dár gcónaitheoirí agus a sholáthróidh áit bhríomhar ina gcuirtear ar agus ina gcuirtear luach ar gach duine a chónaíonn agus a oibríonn ann agus a thugann cuairt uirthi.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanaimid cúram dár sláinte agus dár bhfolláine agus ós rud é go bhfuil siúl agus rothaíocht chomh tábhachtach dár sláinte fhisiceach agus mheabhrach, leanann an Chomhairle ag cruthú deiseanna nua le haghaidh roghanna sláintiúla. Teastaíonn uainn go mbeadh éagsúlacht roghanna Taisteal Gníomhach agus gníomhaíochtaí amuigh faoin aer ag cónaitheoirí. Beidh an Chomhairle ag cur tuilleadh bonneagair nua siúil agus rothaíochta i bhfeidhm agus forbairt talún chun Taisteal Gníomhach agus maireachtáil shláintiúil a éascú agus tacaíocht féin agus mo Chomhchomhairleoirí go huile agus go hiomlán leis seo.

D'fhonn an bonneagar agus na taitneamhachtaí i bhFine Gall a fheabhsú, rinne an fhoireann Taistil Ghníomhaigh agus Comhairleoirí rothaíocht i nDún Laoghaire agus lorg siad inspioráid ónár gcomhghleacaithe i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin maidir lena mBealach Soghluaiseachta Costa an-rathúil.

Tá an scéim maoinithe féilte agus imeachtaí oscailte faoi láthair le hiarratas a dhéanamh go dtí an 4ú Feabhra 2022. Tá súil againn go dtabharfaidh an ciste seo spreagadh agus tacaíocht do ghrúpaí pobail imeachtaí nua a thabhairt don phobal i mbliaine agus sinn ag déanamh cenagail lena chéile arís ar mhaithe le gliondar croí a spreagadh i saolta daoine.

I measc na n-iliomad tionscadal a bhí an chomhairle ag obair air, bronnadh os cionn €25 milliún ar an bPlean Athnuachana "Ar mBaile Brigín" faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach. Bhí sé de phribhléid againn fáilte a chur roimh an Taoiseach Micheál Martin TD go Baile Brigín agus cuireadh ar an eolas é maidir lenár bpleananna forbartha chun lár an bhaile agus an cuan a fheabhsú. Níl dabht ar bith go mbeidh 2022 ina bliain níos dearfaí do chách. Tá neart le bheith ag súil leis agus táimid ag fanacht le fada leis seo, ach toisc go bhfuilimid in amanta gan fasach le fada, molaim d'aon duine a bhraitheann imníoch dul ar a luas féin agus iad ag fillleadh ar a gcuid gníomhaíochtaí.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bpobal sna míonna amach romhainn.

-Cllr Seána Ó Rodaigh

Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh



Is deacair a chreidiúint go bhfuil beagnach dhá bhliain ann ó thosaigh an phaindéim, agus tá dul chun cinn ollmhór déanta ag gach céim den bhealach inár gcomhrac chun muid féin agus ár bpobal a chosaint. Táim thar a bheith bródúil as gach duine ar fud an Chontae a sheas an fód agus a rinne a gcion féin. De réir mar a fhorbraíonn treoirlínte an rialtais,

leanfaidh an Chomhairle ag cur seirbhísí ardchaighdeán ar fáil dá saoránaigh agus ag déanamh dul chun cinn breise i go leor tionscadal leanúnach.

Tá forbairt ar Acomhal Snugborough i mBaile Bhlaínséir ar bun ó 2021 agus leanfar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn sna míonna amach romhainn. Is céim riachtanach é an tionscadal seo chun cabhrú le plódú a mhaolú agus feabhsuithe suntasacha a sheachadadh do choisithe, rothaithe, tiománaithe agus seirbhísí bus i gceantar Bhaile Átha Cliath 15.

Táim an-bhródúil as gach a bhfuil bainte amach againn in 2021. Mar phobal leanamar orainn ag cloí lenár ndeacháil mar Chontae atá báuil don ghnó, sábháilte agus teaghlaigh-dhírithé le páirceanna áille, spás oscailte agus áiseanna do chách.

Mar chuid dár n-iarrachtaí leanúnacha a bheith cuimsitheach do chách, chuir Comhairle Contae Fhine Gall isteach luascán cathaoir rothaí ag Páirc na Mílaoise, Baile Átha Cliath 15. Is é an "We-Go-Swing" an chéad cheann dá leithéid a cuireadh isteach in Éirinn agus cabhraíonn sé le páistí de gach cumas súgradh le chéile gan aon ghá leanaí a aistriú ó chathaoirreacha rothaí.

Le déanaí bhíomar mar chuid de chomhoibríocht le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite, ag baint 130 tonna dramhaíola lena n-áirítear gluaisteáin, veaineanna agus leoraithe dumpáilte. Ní amháin go bhfuil dumpáil gránna, cuireann sí an fhiadhúlra agus an comhshaol i mbaol freisin. Tá ár n-ionaid athchúrsála in Inbhear Shoirid agus Cúil Mhín oscailte ó Luan go hAoine agus fáiltíonn siad roimh do chuid dramhaíola le diúscairt ar bhealach sábháilte. Mar phobal is féidir linn go léir ár n-ithreacha agus ár n-uiscí a chosaint ó thruaillíú dramhaíola.

Leanann ár bhfoireann Taisteal Gníomhach ag gníomhú ar athrú comhshaoil ar fud an Chontae, agus iad ag dul ar aghaidh trí roinnt tionscadal, cosúil leis na tionscainmh um oideachas rothaíochta agus uasghrádú bonneagair 'Gear up for Training' agus 'Safe Routes to School'. Cuireann seoladh rothair seachadta eCargo le déanaí rogha eile ar fáil do ghnólachtaí Fhine Gall seachas mótarfeithiclí le haghaidh seachadtaí ceantair áitiúil.

Guím bliain shábháilte agus lúchaireach oraibh go léir.

Go raibh maith agat as an gcéad eagrán 2022 de Fingal News a léamh.

-AnnMarie Farrelly

An Taoiseach curtha ar an eolas maidir le Tionscadail Ár mBaile Brigín le linn cuairte

Cuireadh an Taoiseach Micheál Martin TD ar an eolas faoi Plean Athghiniúna Ár mBaile Brigín nuair a thug sé cuairt ar an mbaile le haghaidh seoldadh oifigiúil Institiúid Ceoil agus Amhrán na hÉireann.

Agus é ar shiúlóid ó Mol Ár mBaile Brigín i gCearnóg Sheoirse go dtí Cuan Bhaile Brigín, taispeánadh na suíomhanna le haghaidh roinnt mórtionscadal athnuachana a fuair maoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) don Taoiseach, in éineacht leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD.

Labhair an Taoiseach agus an tAire faoin tionscadal athnuachana €50m le Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh; An Comhairleoir Tony Murphy; agus an Comhairleoir Grainne Maguire chomh maith le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly; Stiúrthóir Fiontraíochta Eacnamaíochta, Turasóireacht agus Forbartha Cultúir Emer O'Gorman; agus Ailtire Contae Fionnuala May. Bhuail sé freisin le roinnt d'fhoireann Chomhairle Contae Fhine Gall atá ag obair ar an tionscadal.

I measc na dtionscadal a taispeánadh don Taoiseach bhí Croí na Sráide Móire, an limistéar aon heicteár de spás nádúrtha glas ar feadh na hAbhann Duibhe a bheidh, le cabhair de bheagnach €7m de mhaoiniú URDF, le hathrú go Conair Ghlas a nascann Páirc Loch an Mhuilinn le lár Bhaile Brigín agus ag dul go



An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD; An Comhairleoir Tony Murphy; An Taoiseach Micheál Martin TD; An Comhairleoir Grainne Maguire; agus Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh.

dtí an Trá agus an Cuan. Tugadh an Taoiseach chomh maith go Sráid na Cé, an Cuan agus an Trá áit a ndéanfaidh breis is €11m de thacaíocht URDF an limistéar ar an dá thaobh den Tarbhealach Iarnróid a athrú ó bhonn.

Tar éis an turais ghairid, dúirt an Taoiseach go raibh sé an-tógtha le pleananna na Comhairle don bhaile: "Bhí mé i mBaile Brigín cheana agus caithfidh mé a rá go bhfuilim an-tógtha leis an bhforbairt atá ar bun anseo. Tá Clár Athghiniúna Ár mBaile Brigín fíor-spreagúil, agus sílim go n-osclóidh sé áilleacht nádúrtha iontach an cheantair seo agus an chósta agus an fhearainn phoiblí chun é sin a fheabhsú."

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, go raibh áthas uirthi an áit a thaispeáint don Taoiseach agus labhairt leis faoina bhfuil beartaithe: "Fuair tionscadal athnuachana 'Ár mBaile Brigín' borradh suntasach anuraidh le faomhadh de bhreis is €25 milliún i Maoiniú URDF. Tá an baile le hathchóiriú trí infheistiú de níos mó ná €50 milliún le fíis uailmhianach nua

a bhainfidh, le tacaíocht ónár bpáirtithe leasmhara ar fad, lánacmhainneacht an bhaile amach.

"Níl aon amhras orm ach go mbeidh Institiúid Ceoil agus Amhrán na hÉireann i gcroílár seo. Tá tábhacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta i gceist le Ceoláras 400 suíochán a thógáil i mBaile Brigín. Bhí Comhairle Contae Fhine Gall i dteagmháil le IIMS ón tús, agus tá ár nOifig Fiontair Áitiúil, ár bhFoirne Ealaíne & Imeachtaí dochreidte agus Éire Ildánach ag tabhairt tacaíochta don tionscadal."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Ceadaiónn bronnadh breis is €25m faoin gCiste Forbartha Athghiniúna Uirbigh do thionscadail i mBaile Brigín don Chomhairle a cuid pleananna a chur chun cinn chun lár baile agus ceantar cuain athraithe a sheachadadh. Bhí sé iontach an deis a bheith againn an dul chun cinn atá déanta ar chúrsaí ó bronnadh an maoiniú orainn i mí an Mhárta seo caite a thaispeáint don Taoiseach agus don Aire."

An chéad fhód bainte mar chuid de thionscadal Bhóthar Ceangail Ghort an Teampaill agus Gréasán Rothaíochta i Mullach Eadrad

Cuireadh an chéad chéim de thionscadal tógála an bhonneagair nua ag láithreán Ghort an Teampaill i Mullach Eadrad i gcrích, tráth ar bhain Meára Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, an chéad fhód.

Cruthóidh Bóthar Ceangail agus Gréasán Rothaíochta Ghort an Teampaill nascacht nua a éascóidh forbairt Mháistirphlean Ghort an Teampaill a bheidh mar bhonn le saoráidí tithíochta, miondíola agus pobail a sholáthar a thacóidh le fás inbhuanaithe Mhullach Eadrad. Tá saoráidí siúil agus rothaíochta an bhonneagair á maoiniú ag an Udarás Náisiúnta Iompair.

Le déanaí cheap Roinn Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh Chomhairle Contae Fhine Gall Fox Building and Engineering Ltd chun Bóthar Ceangail agus Gréasán Rothaíochta Ghort an Teampaill a fhorbairt. Cuirfidh an conraitheoir tús leis na hoibreacha láithreáin an tseachtain seo chugainn agus táthar ag súil go mbeidh an ghné seo de phlean Ghort an Teampaill curtha i gcrích laistigh de 18 mí.

Áirítear i dtionscnamh Mháistirphlean Ghort an Teampaill Chomhairle Contae Fhine Gall bonneagar iompair agus páirceanna nua a bheidh á mhaoiniú tríd an gCiste Tithíochta Inacmhainne, a bhfuil an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht freagrach as, a éascóidh beagnach 1,000 teach nua inacmhainne agus sóisialta a chur ar fáil ar an láithreán 37-heicteár seo atá faoi úinéireacht an phobail.

Tá tús curtha cheana féin leis an obair a bhaineann le 67 teach a thógáil ar chuid de bhunachar talún Ghort an Teampaill nach bhfuil ag brath ar an mbóthar ceangail nua agus i dteannta leis an Méara nuair a thug sí cuairt ar an láithreán seo bhí An Tánaiste, Leo Varadkar TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Oige, Roderic O'Gorman TD, Aire Stáit i Roinn an Taoisigh, Jack Chambers TD, mar aon le comhairleoirí agus comhaltaí eile den Oireachtas ó Bhaile Átha Cliath 15.

Tá 20 teach sóisialta eile á dtógáil i láthair na huair laistigh de bhunachar talún Ghort an Teampaill agus tá comhairliúchán poiblí á réachtáil i láthair na huair maidir le hiarratas pleanála Chuid 8 le haghaidh céim eile ina mbeidh 300 teach á dtógáil. Aireofar anseo 220 teach agus 80 árasán le meascán tionachta, 60% ceannach inacmhainne nó cíos costais agus 40% sóisialta.

Beidh ceann de na chéad timpealláin 'oiriúnach do rothaithe' in Éirinn á fhorbairt mar chuid de thionscadal Bhóthar Ceangail Ghort an Teampaill, a bheidh oiriúnach d'úsáid chomhroinnte coisithe, rothaithe agus tiománaithe. Tógfar an timpeallán i lár bóthar nua a bheidh ag dul ó dheas ón áit a bhfuil an timpeallán faoi láthair ar Ascaill Damastown agus cruthófar nasc le hAscaill Radharc an Tobair. Aireofar ann freisin bonneagar leithscartha do rothaithe agus do choisithe feadh an dá bhóthar agus trí fhearann páirce atá taobh le Bóthar an Teampaill.

Cuirfear rotharbhealach nua leis, a chruthóidh nasc idir Ascaill Damastown agus Timpeallán Bhóthar na hEaglaise agus Gaelscoil an Chuilinn agus Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile an Phaoraigh ar Bhóthar Bhaile an Phaoraigh. Aireofar anseo trasbhealaí nua a thógáil ar gach géag den timpeallán atá ann cheana féin, rud a chiallóidh go mbeidh an áit níos sábháilte do mhic léinn ar mian leo a bheith ag siúl agus ag rothaíocht chun na scoile.

Cúis áthais do Mhéara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, go bhfuil tús curtha leis an tionscadal seo. Bhí an



An Tánaiste, Leo Varadkar TD, Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh agus an tAire Tithíochta Darragh O'Brien

méid seo a leanas le rá aici: "Is lá iontach é seo ó tharla tús a bheith curtha leis an obair ag Gort an Teampaill. Is ceantar bríomhar, óg agus éagsúil é Mullach Eadrad agus tá plean cruthaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall le haghaidh Ghort an Teampaill a chothóidh pobal gníomhach ar cuid lárnach dá saol an Taisteal Gníomhach chuig na scoileanna, siopaí agus ionaid spóirt."

Bhí an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD, i láthair nuair a baineadh an chéad fhód, agus bhí an méid seo a leanas le rá aige: "Tá tús áite á thabhairt agam féin agus ag an Rialtas do thithe a chur ar fáil do dhaoine. Tá spriocanna uailmhianacha sonraithe againn sa phlean Tithíocht do Chách agus is sampla iontach é forbairt Ghort an Teampaill den bhealach is féidir le gníomhaireachtaí cosúil le NTA, trí phleanáil chun cinn agus comhoibriú, a pháirtmhaoinigh an Bóthar Ceangail agus Gréasán Rothaíochta nua, le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall, áit iontach a sholáthar do dhaoine le maireachtáil agus oibriú inti, agus ag an am céanna luach ar airgead a chinntiú i ndáil le caiteachas poiblí."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfhéidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Is sampla é forbairt Ghort an Teampaill de chur chuige comhoibriúch tras-rannach atá á ghlacadh ag Comhairle Contae Fhine Gall i ndáil le forbairt ar bhunachar talún. Tá comhoibriú rathúil idir ranna éagsúla laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall agus le heagraíochtaí seachtracha cosúil leis an Udarás Náisiúnta Iompair ag tacú le fás inbhuanaithe Fhine Gall."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Anne Graham, Príomhfhéidhmeannach an Udarais Náisiúnta Iompair: "Cúis áthais do NTA beagnach €6m a chur ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall chun bonneagar siúil agus rothaíochta a mhaoiniú mar chuid de thionscadal Bhóthar Ceangail agus Gréasán Rothaíochta Ghort an Teampaill. Cuirfidh an bonneagar seo ar chumas lucht cónaithe an phríomhcheantar forbartha seo i mBaile Átha Cliath 15 roghanna gníomhacha iompair a dhéanamh amach anseo agus is sampla iontach é seo de chomhoibriú trasghníomhaireachta agus pleanáil chomhtháite iompair agus talamhúsáide. Aireofar i dtionscadal Bhóthar Ceangail Ghort an Teampaill bonneagar leithscartha do rothaithe agus do choisithe, atá sábháilte agus mealltach, lena n-áirítear nasc le scoileanna sa cheantar."

Bóthar nua oscailte chun rochtain ar Fhine Gall

D'oscail Méara Fhine Gall, Clr Seána Ó Rodaigh, An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien, TD, agus Ardmhéara Bhaile Átha Cliath, Alison Gilliland an síneadh úrnua ar Bhóthar Pholl an Bhalla go hoifigiúil.

Tosaíodh ar thógáil an togra €12m, a bhí cómhaoinithe faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBAST) i mí Feabhra 2020 agus cuideoidh se leis an líonra iompair áitiúil a fheabhsú go mór chomh maith le dul i ngleic leis na riachtanais tithíochta a bhfuiltear ag súil leis le déimeagrafach atá ag athrú go tapa sa chontae is óige in Éirinn.

Cuireann an nascbhóthar nua agus acomhal uasghrádaithe, ar an teorainn idir Fine Gall agus Cathair Bhaile Átha Cliath, nasc díreach ar fáil go dtí Bóthar Dhroimní ó Bhaile Ghrífin agus is féidir rochtain níos fearr a fháil ar Bhóthar Mhaighne a ritheann chuig an imeallbhord gleoite ag Port Mearnóg agus an glasbhealach idir Baile Dúill agus Port Mearnóg. Cuideoidh sé seo brú tráchta sa cheantar a mhaolú, agus níos mó daoine ag bogadh go Fine Gall mar a thugann forbairtí cónaithe rochtain éasca ar an gcathair i dteannta stíl mhaireachtála shuaimhneach nua aimseartha le tránna gan mhilleadh agus páirceanna móra in aice láimhe.

Ciallaíonn críochnú an bonneagar bóthair ardchaighdeáin go bhfuil a thriú togra CBAST á sholáthar ag Fine Gall faoin gclár Éire a Aththógáil agus Bóthar Dáileora Dhomhnach Bat agus Uasgrádú Bhóthar Ráth Béil oscailte cheana féin.

Tá Fine Gall ag tabhairt faoi chlár tithíochta uailmhianach a chinnteoidh go gcuirfidh sé leis an líon tithíochta sóisialta, inacmhainne agus príobháidí ar fud an chontae, lena n-áirítear an ceantar cois cósta thart ar Bhaile Dúill agus Phort Mearnóg. D'fhógair an Comhairle le gairid go raibh sí chun thart ar €393m a infheistiú le haghaidh tithíochta le linn na chéad trí bliana eile, rud a chiallaíonn go mbeidh líon ard tithe á soláthar aici le meascadh cineálacha agus méideanna difriúla a bheidh oiriúnach do réimse líon tí éagsúla, lena n-áirítear seandaoine agus daoine eile le riachtanais tithíochta speisialta. Chomh maith leis sin cruthóidh sí réimse áiseanna pobail agus áiseanna eile chun ceantair iomlána bhríomhara a chruthú.

Mar chuid den síneadh ar Bhóthar Pholl an Bhalla, tógadh droichead nua thar Abhainn na Maighne a bhfuil mar chuid den teorainn riaracháin idir Cathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall. Chun borradh a chur faoi Thaisteal Gníomhach sa cheantar, suiteáladh raon coisithe agus rothar faoin droichead agus cois abhainn chun ceangail a dhéanamh le cosáin atá curtha ar fáil ag daoine eile soir agus siar ón droichead.



Ardmhéara Bhaile Átha Cliath Alison Gilliland, an tAire Tithíochta Darragh O'Brien agus Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh

Dúirt Méara Fhine Gall, Seána Ó Rodaigh: "Tá go leor le ceiliúradh faoi oscailt an lae inniu. D'oibríomar go crua chun a chinntiú nach amháin go rabhamar in ann sábháilteacht, amanna taistil, rochtain áitiúil agus ceangal a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre, ach go gcuireann an togra taca faoinár mianta chun riachtanais tithíochta reatha agus sa todhchaí a bhaint amach sa cheantar, rud atá tábhachtach.

Tá beagnach €400m geallta ag Finne Gall i dtreo pleananna a fhorbairt i gcomhair tuilleadh tithe le linn na chéad trí bliana eile, mar sin tá sé ríthábhachtach go bhfuil an bonneagar tacaíochta cearta mar seo i bhfeidhm chun go mbeimid in ann tithíocht a chur ar fáil dóibh siúd is mó gá sa phobal.

Ag labhairt dó, dúirt Aire O'Brien: "Tá ríméad orm a bheith páirteach san ócáid thábhachtach seo. Chuir mo Roinn maoiniú suntasach de €4.7m ar fáil tríd an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBAST) chun an bóthar a thógáil. Is í aidhm CBAST ná soláthar bonneagar riachtanach a mhaoiniú chun gur féidir talamh criosaithe chun críche cónaithe a fhorbairt.

"Bainfidh muintir Fhine Gall an-tairbhe as oscailt an tsínidh úrnua ar Bhóthar Pholl an Bhalla agus cuirfidh sé tuilleadh tógáil tithíochta ar fáil, rud éigin a bhfuil de dhíth orainn, gan amhras ar bith, anseo sa chontae is óige agus is mó fás." chríochnaigh sé.

Dúirt Ard Mhéara Bhaile Átha Cliath, Alison Gilliland: Is iontach an rud é an bonneagar tábhachtach seo a fheiceáil ar oscailt ar deireadh. Déanfaidh sé an ceangal idir ár dhá údarás áitiúla a fheabhsú go mór agus déanfaidh sé an stráice bóthair áirithe seo i bhfad níos sábháilte. Chomh maith leis sin cuireann sé deiseanna níos fearr ar fáil d'fhorbairt tithíochta a bhfuil géarghá leis. Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagracht as na gnéithe cumarsáide tráchta den togra seo agus beidh ról aici i monatóireacht a dhéanamh ar na hacomhail chun sruth tráchta réidh a chinntiú."

Stiúrthóir Nua Tithíochta agus Forbartha Pobail fógartha

Tá sé fógartha ag Comhairle Contae Fhine Gall go bhfuil Robert Burns i mbun a ról mar Stiúrthóir Tithíochta agus Forbartha Pobail ón Luan, an 24 Eanáir.

Beidh Robert freagrach as breis is 6,000 teach faoi úinéireacht na comhairle i bhFine Gall a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar 3,640 teach nua idir 2022 agus 2026 a bhfuil sé mar aidhm le cuspóirí na Comhairle faoi phlean Tithíocht do Chách an Rialtais a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, déanfaidh sé maoirseacht ar fhorbairt pobail agus ar roinnt príomhsheirbhísí eile lena n-áirítear comhtháthú agus spórt.

Tá neart taithí ag Robert agus roimhe seo bhí sé ag obair mar Stiúrthóir Seirbhíse Bonneagair agus Athrú Aeráide i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, áit a raibh sé freagrach as bonneagar, ríocht phoiblí, tionscadail a bhain le taisteal gníomhach agus gníomhú ar son na haeráide, a bhainistiú agus a sholáthar. Áiríodh anseo bealach soghluaisteachta cois cósta a fhorbairt mar aon le tionscadail athnuachana sráidbhaile in An Charraig Dhubh agus Dún Droma. Roimhe sin, chaith Robert tamall ag obair mar Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin i gComhairle Contae an Chláir, sa Roinn Tithíochta.

Tá Robert ag cur tús lena phost nua mar bhall d'fhoireann feidhmiúcháin na comhairle tráth a bhfuil €390 milliún curtha ar fáil d'Fhine Gall chun clár suntasach tithíochta a chur i gcrích faoi thionscnamh Tithíocht do Chách an Rialtais. Tá sé ag teacht i gcomharba ar Liam Burke, Stiúrthóir Gníomhach fhoireann Tithíochta agus Forbartha Pobail Fhine Gall ó mhí Bealtaine seo caite, tráth ar thug Margaret Geraghty aghaidh ar an Oifig Comhordúcháin um Sholáthar Tithíochta.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall,

AnnMarie Farrelly, le linn di fáiltiú roimh an gceapachán: "Cúis áthais dúinn go bhfuil ar ár gcumas duine chomh cumasach le Robert a mhealladh go Fine Gall. Cabhróidh a thaithí agus saineolas suntasach leis an gcontae a chuid uailmhianta maidir le soláthar tithíochta a chomhlíonadh agus go leor acmhainní pobail a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe gach duine atá ag cur fúthu anseo, ag obair anseo agus gach duine a thugann cuairt ar an áit.

"Chomh maith leis sin, is mian liom an deis a thabú chun buíochas a ghabháil le Liam Burke as an bhfeidhm a threorú agus as a shaineolas a roinnt linn le naoi mí anuas, tráth a raibh sé freagrach as iarrachtaí na Comhairle déileáil le forbairt tithíochta agus pobail, agus a chinntiú go raibh ar chumas Fhine Gall a chuid cuspóirí a chomhlíonadh, i rith tréimhse a bhí thar a bheith dúshlánach."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Uasal Burns faoina ról nua: "Am spéisiúil é seo le bheith i gceannas ar cheann de na príomhranna i bhFine Gall agus táim ag súil le ról lárnach a bheith agam i gcur leis an obair iontach atá ar bun cheana féin. "Beidh spéis ar leith agam in obair a dhéanamh le pobail áitiúla agus le grúpaí páirtithe leasmhara chun cabhrú lena chinntiú ní hamháin go mbeidh tithíocht ar ardchaighdeán á tógáil ar fud an chontae, ach chomh maith leis sin, gur féidir linn clár láidir athnuachana agus forbartha a sholáthar a bheidh mar bhonn le comharsanachtaí a fheabhsú ar mhaithe le cónaitheoirí agus cuairteoirí araon."

I láthair na huaire, tá stoc de thart ar 6,000 teach á bhainistiú agus á chothabháil ag Fine Gall agus tá obair á déanamh ar fhorbairt na



Robert Burns Stiúrthóir Tithíochta agus Forbartha Pobail

mbunachar talún ag Gort an Teampaill i mBaile Átha Cliath 15, Baile Mastún i nDomhnach Bat agus Baile Hae in An Ros. Céimí de chuid Ollscoil na Banríona, Béal Feirste é Robert, agus tá neart taithí aige ar a bheith ag obair mar innealtóir comhairleach agus chomh maith leis sin d'oibrigh sé d'Iarnród Éireann áit ar dhírigh sé ar bhainistíocht tionscadail tionscadal bonneagair. Tá spéis ar leith ag Robert i dtithíocht, forbairt inbhuanaithe, iompar, forbairt pobail, athnuachan bailte agus sráidbhaile agus gníomhú ar son na haeráide.



Created by Vector Market

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Ba sa bhliain 2020 a bunaíodh Ciste na Séadchomharthaí Pobail den chéad uair agus is éard atá i gceist leis go ndéantar infheistíocht inár n-oidhreacht sheandálaíochta luachmhar agus cabhraíonn an Ciste le húinéirí agus le caomhnóirí séadchomharthaí seandálaíochta iad a chosaint amach anseo chun tairbhe pobal agus an phobail.

Is iad príomhaidhmeanna an Chiste seo séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú, a chothabháil, a chosaint agus a chur i láthair. Éascóidh an Ciste an méid seo a leanas:

- cumasóidh sé oibreacha caomhantais a chur i gcrích ar shéadchomharthaí a mheastar atá suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht uathu ar bhonn práinne;
- spreagfaidh sé rochtain ar shéadchomharthaí agus feabhsóidh sé an chuma atá orthu;
- cothóidh sé seasmhacht ár séadchomharthaí chun cur ar a gcumas déileáil le héifeachtaí an athraithe aeráide.

In 2021 leithdháileadh maoiniú luach beagnach €270,000 trí Chomhairle Contae Fhine Gall ar ocht dtionscadal lena n-áirítear oibreacha comhdhlúthaithe ag Caisleán Chaisleán Cnucha; deisíodh balla Reilig Chill Shalcháin agus cuireadh oibreacha cosanta i gcrích ag an láthair adhlactha i nGleann Abhainn an Bharda. Cuireadh roinnt suirbhéanna agus tuarascálacha innealtóireachta caomhantais i gcrích ag túir Cholmáin, Sord, eaglais i nDiméin Mhullach Íde, San Mearnóg agus San Caitríona agus Túrtheach an Roise, a úsáidfead mar bhonn le hoibreacha a gcuirfead i gcrích amach anseo agus chomh maith leis sin cuireadh iniúchadh seandálaíochta i gcrích bunaithe ar Leithinis Dhomhnach Bat-Phort Reachrann.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall, Christine Baker, 'Tá breis is



1200 láithreán agus séadchomhartha seandálaíoch i bhFhine Gall. Ní hamháin gur deis é an ciste seo chun



na láithreáin agus séadchomharthaí a chosaint agus a chomhdhlúthú is deis atá ann freisin a chinntiú go bhfuiltear ag cur leis an méid atá ar eolas ag daoine fúthu agus go bhfuil an chuma atá orthu á feabhsú agus ar an tslí sin táthar ag cinntiú go bhfuil ár n-oidhreacht sheandálaíoch níos inrochtana do gach duine'.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall anois ag glacadh le hiarratais faoin dtrí shnáithe atá le cur i gcrích in 2022:

1. Tairgfídh Snáithe 1 deontais suas le €85,000 a bhfuil sé mar aidhm leo oibreacha deisithe agus caipitil a dhéanamh atá riachtanach le haghaidh caomhnú agus deisiú séadchomharthaí seandálaíochta

2. Tairgfídh Snáithe 2 deontais suas le €30,000 chun Pleananna/Tuarascálacha Bainistíochta Caomhantais a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leo bearta a shainaithint le haghaidh caomhnú séadchomharthaí seandálaíochta agus chun rochtain phoiblí a fheabhsú.

3. Tairgfídh Snáithe 3 deontais suas le €30,000 chun bonneagar rochtana agus áiseanna léirléimh (lena n-áirítear fíorúil/ar líne) ag séadchomharthaí seandálaíochta a fheabhsú (lena n-áirítear beartas sláinte poiblí COVID 19)

Ba cheart d'iarratasóirí nó grúpaí pobail ar úinéirí nó feighlithe séadchomharthaí iad an méid seo a leanas a dhéanamh:

Foirm CMF-A thíos a chomhlánú (na rannóga ábhartha)

Ráiteas Modha cuimsitheach a cheangal leis an iarratas

an t-iarratas a sheoladh chuig: An tOifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Fhine Gall roimh an 15 Feabhra 2022

Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig an Oifigeach Oidhreachta Christine.Baker@fingal.ie

Cuireann Fine Gall maoiniú ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí 2022

Táthar ag súil go gcuirfidh an maoiniú – a bhreithneofar d'fhéilte agus d'imeachtaí a bheidh ar siúl i 2022 – borradh faoi ghrúpaí a thug aghaidh ar roinnt deacrachtaí agus dúshláin de dheasca paindéim an Choróinvíris.

Tá traidisiún láidir sa Chontae maidir le himeachtaí agus féilte a óstáil, a mheallann go leor acu cuairteoirí ó lasmuigh d'Fhine Gall agus a thugann buntáiste suntasach don gheilleagar turasoireachta áitiúil mar thoradh.

Dúirt Stiúrthóir Turasoireachta agus Forbartha Cultúrtha Fhine Gall, Emer O'Gorman: "Tá a fhios againn ní hamháin go mbaineann buntáiste eacnamaíoch le tacú le himeachtaí agus féilte ar fud Fhine Gall ach go gcuidíonn sé freisin le pobail a nascadh níos fearr agus saol daoine a shaibhriú. Beidh sé sin thar a bheith tábhachtach agus sinn ag iarraidh deireadh a chur leis na hamanta fíordhúslánacha a bhí le sárú againn agus sinn ag tnúth le féilire imeachtaí spreagúla chun taitneamh a bhaint astu an bhliain seo chugainn."

Tá trí shnáithe tacaíochta faoin bpacáiste airgeadais nua, gach ceann acu le leibhéal difiriúil maoinithe:



Snáithe 1: díreofar ar imeachtaí ar scála níos lú, a bheidh oiriúnach dóibh siúd a mhealladh lucht féachana faoi bhun 1,000 duine. D'fhágfadh sin go gcuirfí uasmhéid de €4,500 ar fáil.

Snáithe 2: le haghaidh imeachtaí níos mó a mheallann lucht féachana de níos mó ná 1,000 duine, agus tá cistí suas le €15,000 ar fáil.

Snáithe 3: dírithe ar na grúpaí sin atá ag féachaint ar indéantacht agus inbhuanaitheacht fadtéarmach féile nó imeachta, agus deonaítear deontais suas le €7,500.



Is féidir tuilleadh sonraí faoi na snáitheanna éagsúla atá ar fáil agus a bhfuil riachtanach agus iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle: <https://www.fingal.ie/festivalandevents2022>.

Caithefidh iarrthóirí rathúla freastal ar mhodúl oiliúna Féile agus Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall (a bheidh ar fáil i Márta 2022) a chuimseoidh ábhair mar mhargaíocht, cumarsáid agus árachas, treoirínte branda Chomhairle Contae Fhine Gall agus sláinte agus sábháilteacht.

Is é an dáta deiridh d'iarratais ná 4 Feabhra 2022.

Dul Chun Cinn Acomhal Snugborough



Tá BAM Civil Ltd. ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall ar Scéim Uasghrádaithe Acomhail Snugborough agus tá 10 mí caite acu anois i gclár conartha 24 mí. Tá an t-atreorú Draenála Séarachais Bhréan 1200mm críochnaithe againn.

I mí Eanáir agus i mí Feabhra leanfaidh BAM ag bogadh na seirbhísí draenála agus fónais atá ann faoi láthair thart ar Acomhal Bhóthar an Choireáin. Ceadóidh sé seo cósán nua agus lánaí rothar a thógáil thart ar an acomhal. Mar chuid den athailíniú ar Sheanbhealach Coisithe Bhóthar na Coirre Duibhe, suiteáladh an chéad struchtúr stuach réamhthéilgthe i mí na Nollag. Beidh sé seo mar chuid den athailíniú buan ar an Rampa ar an N3 nuair a bheidh sé críochnaithe. Críochnófar oibreacha píleála do na

struchtúir droichid nua sa tréimhse seo freisin. Déanfar gach obair ar bhunsraitheanna an droichid roimh shuiteáil an bhíoma droichid réamhthéilgthe i mí Aibreáin 2022. Críochnófar tógáil ballaí coinneála taobh le gualainn chrua amach an N3 sa tréimhse seo.

Le haghaidh nuashonruithe rialta ar bhainistíocht tráchta de réir mar a athraíonn leagan amach chun freastal ar obair ar an láithreán tabhair cuairt le do thoil ar <https://www.snugboroughinterchange.ie/>

Nasc Fhine Gall


Tá fíoráthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall Nasc Fhine Gall a fhógairt, ardán gréasáin agus fón póca saor in aisce atá deartha chun an sreabhadh faisnéise idir cónaitheoirí Fhine Gall agus a n-údarás áitiúil a fheabhsú.

Le Nasc Fhine Gall is féidir leat:

- Fanacht ar an eolas faoi obair Chomhairle Contae Fhine Gall
- Úsáid a bhaint as ár n-eolaire gnó Fhine Gall
- A bheith ar an eolas faoi cad atá ag tarlú lenár dTreoir Imeachtaí
- Páirt a ghlacadh i suirbhéanna aiseolais

Bronntar pointí ar do rannpháirtíocht ar Nasc Fhine Gall agus is féidir iad a thiontú ina mbronntanais agus ina ndearbháin le comhpháirtithe áitiúla Chomhairle Contae Fhine Gall.


Coinnigh súil ar Fingal.ie agus cainéil meán sóisialta Chomhairle Contae Fhine Gall don dáta seolta oifigiúil, ag teacht níos déanaí i mbliana.



8 Rún Éasca Aeráide na hAthbhlíana

Agus tú ag breathnú chun cinn ar 2022, cuir tús leis an mbliain nua trí roinnt athruithe simplí a dhéanamh ar do stíl mhaireachtála a chabhróidh leat a bheith neamhdhíobhálach don aeráid agus níos feasaí ó thaobh an chomhshaoil de. Seo 8 leid éasca a chabhróidh leat a bheith éiceabhách i do shaol laethúil.

1. Laghdaigh do thomhaltas- Bealach tábhachtach amháin chun do lorg carbóin a laghdú ná do thomhaltas a laghdú. Má cheannaímid níos lú cuirimid cosc ar chruthú astuithe. Bíonn astuithe gáis cheaptha teasa iolracha i gceist le formhór na rudaí a cheannaímid sula bhfaighimid seilbh orthu, ó acmhainní uisce agus leictreachas á n-úsáid sa phróiseas táirgthe go dtí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ghintear ar fud an phróisis iompair, ag críochnú leis an gcaoi a ndéantar an táirge a dhiúscairt nuair nach bhfuil siad úsáideach dúinn a thuilleadh.
2. Bia atá fágtha a reo -In Éirinn táirgtear 1 milliún tonna de dhramhaíl bia gach bliain, sin a dhóthain dramhaíl bia a líonadh Páirc an Chrócaigh dhá uair go leith! Más féidir linn dramhaíl bia a chosc, trí reo nó trí bhéile a ullmhú, is féidir linn cabhrú leis an bhfigiúr sin a laghdú.
3. Bíodh lá veigeatórach agat uair sa tseachtain -Bealach iontach éasca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ná do thomhaltas táirgí ainmhithe a laghdú, trí lá saor ó fheoil nó lá glasraí a bheith agat uair sa tseachtain. Is í an fheirmeoireacht feola agus déiríochta is mó a chuireann le hastuithe gás ceaptha teasa talmhaíochta ar fud an domhain, agus le méadú ar an daonra beidh éileamh ar na táirgí seo ag méadú freisin. Is féidir le laghdú tomhaltais cabhrú leis an éileamh méadaitheach a laghdú.
4. Bain úsáid as buidéal uisce ath-inúsáidte- Gintear breis agus 1.5 milliún buidéal phlaisteacha in Éirinn gach seachtain. Tá tionchar comhshaoil ag táirgeadh plaisteacha agus is mó plaisteach i gcúrsaíocht is ea is mó truailliú plaisteach a bheidh ann, más rud é nach bhfuil sé athchúrsáilte. Tá níos lú plaisteach níos fearr dúinn agus don phláinéid, is réiteach é a bhfuil buntáiste ag gach taobh ann.
5. Faigh muga taistil ath-inúsáidte- Gach uair a chloig in Éirinn déantar 22,000 cupán aonúsáide a dhiúscairt, sin suas le 200 milliún in aghaidh na bliana in Éirinn amháin. Ní féidir na cupáin seo a athchúrsáil agus tógann sé 30 bliain orthu lobhadh. Cuireann go leor caiféanna agus siopaí caife lascaíní ar fáil do chustaiméirí a thugann a muga taistil féin leo, mar sin beidh tú ag sábháil airgid gach mí agus ag laghdú dramhaíl aonúsáide freisin.
6. Seachain éadach aonuaire a cheannach- Tá an t-éileamh ar éadaí ag dul i méid gach bliain agus leis an scrios atá déanta ag an tionscal faisín. Astaíonn an tionscal faisín thart ar 10%



de gháis cheaptha teasa domhanda agus éilíonn sé go leor uisce úr chun baill éadaigh a tháirgeadh, agus críochnaíonn cuid mhór den uisce seo mar fhuíolluisce truaileán. Dá lú éadaí a cheannaímid is ea is lú is gá a tháirgeadh. Ba chóir duit infheistíocht a dhéanamh in éadach ar ardchaighdeán nach mbíonn ort ceannach go minic. Is bealaí iontacha eile iad siopadóireacht i siopaí carthanachta, siopaí seanré agus malartú le cairde chun saolré éadaí a leathnú agus iad a choinneáil i gcúrsaíocht, cabhraíonn sé seo le tionscal an fhaisín a dhéanamh níos ciorclach agus cosc a chur le héadach aonuaire.

7. Úsáid Níos Lú Fuinnimh- Faigh Trealamh Coigilte Fuinnimh sa Bhaile ar iasacht ó leabharlanna Fhine Gall. Forbraíodh an Fearas Coigilte Fuinnimh sa Bhaile chun cabhrú leat d'ídiú fuinnimh a thuiscint agus chun na réimsí is tábhachtaí de do theach le haghaidh uasghrádú fuinnimh a aithint. Tá cúig uirlis phraiticiúla agus sé chleachtadh ann a chabhróidh leat d'iniúchadh fuinnimh tí féin a dhéanamh agus na réimsí is éasca agus is éifeachtaí a aimsiú chun do chuid fuinnimh a laghdú.
8. Do Lorg Carbóin a Ríomh- Labhair muid go leor faoi astuithe carbóin san alt seo agus más mian leat do lorg carbóin a mheas, téigh chuig: www.epa.ie/climate/calculators

Mhórtais an Gheimhridh Fhine Gall

I ndiaidh an ratha a bhí ar an gcéad Fhéile Mhórtais, tá sé fógartha ag Comhairle Contae Fhine Gall go mbeidh sraith imeachtaí á seoladh i rith mhíonna an gheimhridh mar chuid d'Fhéile Mhórtais an Gheimhridh Fhine Gall.

Tá na himeachtaí seo eagraithe chun tacú le pobal, cairde agus comhghuaillithe LGBTQ+ ar fud Fhine Gall. Tabharfar léargas ar aistear an mhórtais agus soláthrófar tacaíocht trí fhaisnéis a chur ar fáil ag tráth den bhliain atá an-uaigneach.

Buaicphointe de Mhórtas an Gheimhridh é nochtadh thaispeántas grianghraf na Leabharlainne Náisiúnta dar teideal Living with Pride. Beidh an taispeántas le feiceáil i Sord ar dtús agus ansin Baile Bhlainséir i rith na chéad chéime de thuras náisiúnta. Tá íomhánna le feiceáil sa taispeántas - a léiríonn aistear an mhórtais in Éirinn ó thús na 1990idí - a ghlac Chris Robson, an gníomhaí ceannródaíoch LGBTQ+ agus cearta sibhialta.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Leasmhéara Fhine Gall, an Comhairleoir Daniel Whooley: "Cúis áthais dúinn gurb é seo an chéad suíomh atá chun an taispeántas iontach Living with Pride a óstáil. Tugtar léargas sna híomhánna ar chrógacht, díograis agus clisteacht ghníomhaithe LGBTQ+ le linn dóibh troid ar mhaithe le comhionannas do chách ar fud na hÉireann a chur chun cinn agus a chomhlíonadh agus tús a chur leis an bpróiseas a bhain le díchoiriúlú na hómaighnéasachta. Is meabhrúchán iontach é ar an tábhacht a bhaineann le hionchuimsiú inár gContae, Contae atá thar a bheith ilghnéitheach."

I rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2022, reáchtálfar



Memorial Quilti



Valerie McAllorum Byrne, Jed Dowling, LGBTQ+ Bród Bhaile Átha Cliath, Daniel Whooley, Leas-Mhéara, Ciaran Hudson agus Ger Robertson, seirbhíse óige Crosscare, Eddie McGuinness Baile Átha Cliath agus AnnMarie Farrelly Príomhfheidhmeannach Fhine Gall.

roinnt seisiún faisnéise agus múscaillte feasachta i suíomhanna tábhachtacha sa Chontae. Reáchtálfar an chéad imeacht in Ionad Pobail an Phléimeannaigh ar an 25 Eanáir ag 11am agus beidh baill de Mhórtas Bhaile Átha Cliath, LGBTQ+ Éireann, Outcomers, Mórtas an Gharda Síochána agus baill den phobal LGBTQ+, a gcairde agus comhghuaillithe ag tacú leis an imeacht. Reáchtálfar seisiúin eile mar seo a leanas:

An 8 Feabhra 11am – 12.30pm Ionad Pobail an Teachín, Lusca.

An 15 Feabhra 11am – 12.30pm Leabharlann Shoid

An 22 Feabhra 11am – 12.30pm Leabharlann Bhaile Bhlainséir

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Cúis áthais gur éirigh linn cur leis an rath a bhí ar chéad imeacht Mhórtas Fhine Gall trí thacaíocht bhreise a sholáthar agus maidineachtae agus caife a reáchtáil mar chuid de chlár Mhórtas an Gheimhridh. Tá an Chomhairle tiomanta do thacú leis an bpobal LGBTQ+, go háirithe i rith tréimhsí uaigneacha, agus cabhróidh na seisiúin buail isteach seo go mór lenár bpobal."

Marchuiddfheachtas Mhórtas an Gheimhridh, cuirfear bratacha Mhórtas ar an 33 Ionad pobail a bhfuil Fhine Gall ag tacú leo agus ar na deich leabharlann sa Chontae.

Tabhair cuairt ar: www.fingal.ie/integration

Gach aoisghrúpa ag glacadh páirte chun an tionscnamh nua Let's Play a sheoladh sa Ros

Lainseáladh Let's Play An Ros le príomhimeachtaí a bhí dírithe ar chultúr spráúil a fhorbairt ar an mbaile. Sa tionscnamh AE seo, roinneann an Líonra Aistrithe URBACT in Éirinn dea-chleachtas maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe idir cathracha agus bailte, agus An Ros mar cheann de chúig bhaile atá ag foghlaim dea-chleachtais ó Chorcaí maidir le conas gníomhaíochtaí súgartha agus placemaking a fhorbairt.

Mar chuid den tionscnamh, d'óstáil Leabharlann an Rois seisiúin tógála Lego do leanaí idir 4 - 12 bliana d'aois. Faoi stiúir Brick4Kidz, thug na seisiúin súgartha lasmuigh ómós d'oidhreacht bradach an bhaile. Eagraíodh an ócáid le cabhair ó Chomhairle Pobail an Rois agus Tidy Towns an Rois.

Rinne Ionad Pobail an Rois iarracht cabhrú le seanóirí an bhaile a gcuid cruthaitheachta a fháil amach le seisiúin phéintéireachta a chuir an t-ealaíontóir John Carpenter ar fáil.

Mhainigh Creative Ireland na himeachtaí agus d'eagraigh Grúpa Áitiúil URBACT Let's Play An Ros (ULG) a dtagann a mbaill ón gComhairle, Comhairleoirí Áitiúla, Comhairle Pobail an Rois, Tidy Towns an Rois, LCDC Fhine Gall, CYPSC Fhine Gall agus Healthy Ireland.

Dúirt an Comhairleoir Brian Dennehy, Cathaoirleach ULG an Rois: "Is deis iontach a bheidh inár rannpháirtíocht sa tionscnamh URBACT seo chun gníomhaíochtaí súgartha agus placemaking a thabhairt



